Giorrúcháin:

OPT: **Oifigeach Pleanála Teanga**

LPO: ***Language Planning Officer***

RTCEGSM: **An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán**

BSG: **Baile Seirbhíse Gaeltachta**

Bearta an Phlean

Leagtar amach bearta an phlean teanga sa chaibidil seo. Freagraíonn na bearta do spriocanna ráiteas misin an choiste. Tá na bearta seo bunaithe ar thuairimí an phobail fé mar a sonraíodh iad le linn an phróisis taighde, agus iad ag teacht le dea-chleachtas na pleanála teanga i dtaobh na gcroí-réimsí pobail a bhíonn tionchar acu ar athneartú teanga. Táthar feasach ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige uileghabhálach agus é mar sprioc aige plean teanga cleachtas teanga pobail a athrú. Mar sin, áirítear bearta anseo a bhaineann le réimsí saoil éagúla faoi mar a mholtar sna treoirlínte pleanála teanga (féach thíos). Mar a pléadh i gcaibidil [_] áfach, socraíodh gur mó an tairbhe a bhainfí as aird speisialta a dhíriú ar réimsí áirithe thar a chéile, de chionn srianta acmhainní (.i. teaghlaigh agus an óige, gnó agus cúrsaí oideachais).

Ag teacht leis na treoirlínte pleanála teanga a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2018 rangaítear na bearta thíos de réir na réimsí seo a leanas:

A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);

B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;

C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;

D. Deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais;

E. An earnáil ghnó;

F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;

G. Na meáin chumarsáide;

H. Seirbhísí poiblí;

I. Pleanáil agus forbairt fhisiciúil;

J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;

K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

Beidh tréimhse seacht mbliana i gceist le cur i bhfeidhm an phlean seo. Tá rath an phlean teanga seo ag brath ar fheidhmiú éifeachtach na mbeart seo a leanas agus ar mhonatóireacht chruinn ar a bhfeidhmiú.

[*This list is based on the suggestions gathered through the research that has been carried out, as well as best practice in language planning, specifically in the area of language revitalisation. The provisions of the plan are in keeping with the suggestions laid out in the language planning guidelines issued by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (2019: 18) with specific attention to the following three areas: A. Family and Youth, B. Business, and C. Education*]

_.2 Achoimre na mBeart/ *Summary of the Measures*

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga agus Struchtúir Fheidhmithe	
1.	**Athrú ar struchtúr Dhún Garbhán le Gaeilge**
2.	**Ceapachán an Oifigigh Phleanála Teanga**
3.	**Áit oibre a réiteach don OPT**
4.	**Fóram na mBailte Seirbhíse Gaeltachta**
5.	**Fóram Pleanála Teanga Phort Láirge**
6.	**Taighde leanúnach agus scaipeadh eolais maidir le seirbhísí Gaeilge atá ar fáil do mhuintir Dhún Garbhán**
Forbairt Feasachta	
7.	**Bunachar Teagmhálaithe**
8.	**Suíomh idirlín**
9.	**Seoladh an Phlean Teanga**
10.	**Feachtas feasachta leanúnach**
11.	**Eolaire seirbhísí Gaeilge**
An Ghaeilge sa phobal agus i saol laethúil an cheantair	
12.	**Lár-ionad Gaeilge a bhunú i nDún Garbhán**

13.	**Comharthaíocht Ghaeilge sa bhaile a fhorbairt**
14.	**Péacóg: Féile Ealaíne Dhátheangach**
15.	**Ciorcail chomhrá**
16.	**Imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge**
17.	**Léachtaí agus ceardlanna trí Ghaeilge bunaithe ar stair, chanúint, logainmneacha agus oidhreacht na háite**
18.	**Seal le Seanchaí**
19.	**Tacaíocht do chlubanna CLG sa BSG**
Teaghlaigh agus an Óige	
20.	**Teanga Tí**
21.	**Grúpa Spraoi**
22.	**Tacaíochtaí teanga do theaghlaigh atá ag iarraidh cur le húsáid na Gaeilge**
23.	**Imeachtaí sóisialta do thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus do theaghlaigh**
24.	**Bunachar d'fheighlithe leanaí a bheadh sásta feidhmiú trí Ghaeilge**
25.	**Deiseanna líonraithe trí Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais a chur ar fáil do dhéagóirí agus do pháistí bunscoile**
26.	**Líonra na nÓg**
27.	**Scoláireachtaí Choláiste na Rinne**
Gnó	
28.	**Seirbhís aistriúcháin saor in aisce**
29.	**Ranganna Gaeilge dírithe ar an lucht Gnó**
30.	**Ceardlanna a reáchtáil don lucht Gnó maidir leis na bealaí gur féidir leo cur le húsáid na Gaeilge ina gcuid oibre**
31.	**Gradaim Ghnó na Gaeilge a athbhunú**
32.	**Lárnacht na Gaeilge a neartú i bhféilte an bhaile**
Oideachas	
33.	**Ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla a chur ar fáil don phobal**
34.	**Scéim mhalartaithe idir scoileanna Dhún Garbhán agus scoileanna i nGaeltacht na Déise**
35.	**Fóram na múinteoirí Gaeilge**
36.	**Bunachar aoichainteoirí le Gaeilge**
37.	**Tacaíocht a thabhairt i dtreo an nasc idir Scoil Gharbháin agus Meánscoil San Niocláis, An Rinn a láidriú**
38.	**Cur chun cinn deiseanna foghlama Gaeilge**
39.	**Clár Gaeilge don idirbhliain**

Implementing the Language Plan and Operational Structures	
1.	**Changes to the structure of Dún Garbhán le Gaeilge** **Aim:** The structure of 'Dún Garbhán le Gaeilge' will be strengthened and registered as a cooperative. 'Dún Garbhán le Gaeilge' will continue with its work in implementing the language plan, after the plan is approved. We will need a strong committee to ensure the successful implementation of the plan.

2.	**Appointment of a Language Planning Officer** **Aim:** A Language Planning Officer will be appointed on approval of the plan. The LPO will be largely responsible for implementing the measures of the plan as laid out in this document. The LPO will also provide additional suggestions and recommendations to ensure the success of the language plan over seven years.
3.	**Organising a workspace for the LPO** **Aim:** A workspace will be provided for the LPO in a central location in Dungarvan. This workspace will act as the headquarters for the LPO and will be situated in an accessible and prominent part of the town. Office equipment and facilities will be provided (phone, internet access, etc.).
4.	**Gaeltacht Service Towns Forum** **Aim:** The Language Planning Officer will participate in a 'Gaeltacht Service Towns Forum', to connect with other LPOs working on implementing language plans in different towns. The aim is to foster communication and cooperation amongst the different language planning groups for this categorisation, as this is a new process and it will be important to support and learn from each other.
5.	**Language Planning Forum- Waterford** **Aim:** This Forum will be established to foster communication between the Language Planning Officer of Dungarvan and the LPO of Gaeltacht na nDéise. As the 'Gaeltacht Service Town' classification is based on the proximity of Dungarvan to the Waterford Gaeltacht, it will be important to recognise potential opportunities to work together to best achieve the aims of the language plans for both areas.
6.	**Research and spreading awareness of Irish language services in Dungarvan** **Aim:** Research will be carried out over the duration of the language plan regarding the public services that are available in both Irish and English in Dungarvan. The LPO will work to build awareness of the public services that are provided through Irish in Dungarvan, potential gaps will be acknowledged and steps will be taken to ensure that public services through Irish are made available to those who wish to avail of them.
Developing awareness	
7.	**Database of contacts** **Aim:** The LPO will keep a database of contacts who are interested in being kept up to date about the implementation of the language plan. This database will be used to share information and notices regarding the different measures of the plan and a newsletter through e-mail will be sent to members of the database four times a year with updates.
8.	**Building a Website**

	Aim: A website will be established for 'Dún Garbhán le Gaeilge' on which information will be shared about the language plan. Events which will take place as part of the implementation of the plan will be advertised on the website.
9.	**Launching the Language Plan** **Aim:** A special event will take place on approval of the language to celebrate the recognition of Dungarvan as a Gaeltacht Service Town. This event will be an opportunity to raise awareness for the language plan and to provide information to the public regarding the aims of the plan.
10.	**Awareness Campaign** **Aim:** The success of the language plan will be dependent on the active participation of the people of Dungarvan in the different measures. With this in mind, an important aspect of the implementation of the plan will be raising awareness on a continuous basis. A Public Relations Officer will be appointed to the language planning committee and will work with the LPO on this.
11.	**Irish language services directory** **Aim:** As part of the research stage for the language plan, a lack of awareness of Irish language services that are available in Dungarvan was widely cited as a barrier to Irish language use in the town. The LPO will contact different businesses in Dungarvan and build a directory of businesses that offer a service through Irish. This directory will be made available to the public on the 'Dún Garbhán le Gaeilge' website and will be updated regularly.
Irish in the community and daily life	
12.	**The establishment of an Irish language centre in Dungarvan** **Aim:** An aim of the plan is to establish a permanent, physical space for Irish in Dungarvan. Irish language services will be provided in this centre, e.g. a café, bookshop, family services, events and workshops. A feasibility study will be commissioned in year 4 of the language plan with this goal in mind.
13.	**Improving Irish language signage** **Aim:** The LPO will work with businesses and organisations to improve the visibility of the Irish language in Dungarvan over the duration of plan. The LPO will work with Waterford City & County Council, the Chamber of Commerce, the Tourist Office and others to create on this. The LPO will encourage, support and advise groups with regard to Irish language and bilingual signage and print materials.
14.	**Péacóg: Irish language Arts Festival** **Aim:** 'Dún Garbhán le Gaeilge' will continue to support the bilingual arts Festival 'Péacóg' and will work with the 'Péacóg' organisers to expand the festival by providing additional funding so that more events can be held throughout the year.

15.	**Irish language conversation circles** **Aim:** The Irish language conversation circles in Dungarvan will be supported throughout this plan. The office of the LPO will provide a printing services for existing 'ciorcail chomhrá' and will advertise for these groups. The LPO will co-ordinate with the existing conversation circles to identify the potential for establishing new circles, being conscious to not clash with or take from the existing ciorcail chomhrá.
16.	**Irish language social events** **Aim:** Social events through Irish will be organised on a regular basis to encourage more frequent use of Irish in social settings in Dungarvan.
17.	**Lectures and workshops through Irish based on the history, dialect, placenames and heritage of the area** **Aim:** Talks and workshops through Irish based on different aspects of the linguistic and cultural heritage of the area will be organised on a regular basis, at least once every three months.
18.	**Storytelling event drawing on the oral tradition of County Waterford** **Aim:** Once every three months a storytelling event 'Seal le Seanchaí' will be organised. The event will be developed to cater to young people and families as well as to adults.
19.	**Support for local GAA clubs** **Aim:** Additional financial support will be allocated to local GAA clubs participating in 'Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha' (a support service provided by Glór na nGael and the Gaelic Athletics Association to GAA clubs wishing to further the Irish language in their community). Clubs will be contacted and encouraged to participate in the scheme.
Families and Youth	
20.	**Support for Teanga Tí** **Aim:** The 'Teanga Tí' scheme- a scheme that encourages and supports the use of Irish among families (through Glór na nGael)- will be supported as part of the plan. An aim of the plan is to increase the amount of families participating in this scheme.
21.	**Support for Irish language play group** **Aim:** The LPO will work with Glór na nGael to establish a play group that will function through Irish (and multilingually) for families with pre-school aged children. This group will meet on a regular basis and guests will be invited to organise activities for the playgroup from time to time and to advise families regarding raising children through Irish.
22.	**Language support for families** **Aim:** The research that was carried out at an earlier stage of the language planning process showed a disparity in the (self-reported) ability in Irish

	between students attending Irish medium schools and their parents. The parents participating in this research reported a much lower level of Irish language ability for the most part. Workshops will be organised for parents to improve their Irish language skills and resources will be provided.
23.	**Social events through Irish for parents/guardians and families** **Aim:** Social events will be organised for parents/ guardians and families raising children through Irish who are interested in networking with other Irish speaking families and increasing their use of Irish socially.
24.	**Creation of a database of child minders with Irish** **Aim:** A database will be created of childminders who are Irish speakers and who are happy to work through Irish. The database will be publicised and kept up to date over the duration of the plan.
25.	**Networking opportunities for children and teenagers** **Aim:** Workshops and events through Irish catering to both teenagers and younger children will be organised and run on a monthly basis. Suggestions for events that were collected during the research phase will be used. Two events will be organised each month, one for teenagers and one for younger children.
26.	**Youth Network** **Aim:** A youth network (of primary school and secondary school aged young people) will be established to give advice to the LPO and to the language planning committee with regard to measures for encouraging and supporting Irish language use in their age-group. The Youth Network (Líonra na nÓg) will receive funding and support to organise their own Irish language events.
27.	**Scholarships- Coláiste na Rinne** **Aim:** Two scholarships per year will be offered to attend a summer course with accommodation at Coláiste na Rinne. A competition will be held each year and tehe LPO will choose two winners to receive a scholarship.
Business	
28.	**Free translation service** **Aim:** A free translation service will be offered to businesses of Dungarvan to help them to create Irish language signage and print materials.
29.	**Irish language classes catered to the business community specifically** **Aim:** Irish language classes catering to the business community of Dungarvan specifically will be set up and run on a monthly basis, something that was strongly recommended in the research results. The focus of these classes will be on informal Irish speaking and improving vocabulary.
30.	**Workshops for businesses re. promoting Irish**

	Aim: Members of the business community of Dungarvan will be invited to attend workshops once every three months in which effective ways of increasing Irish language use in their work will be discussed. An emphasis will be placed on the active offer of Irish language services for customers/ service users.
31.	**The re-establishment of Irish Language Business Awards** **Aim:** The Irish Language Business Awards will be re-established as an incentive for the further use of and promotion of Irish in the business sector. The criteria regarding activities and goals as set out in the scheme 'Gradaim- Gnó na hÉireann' (Glór na nGael) will be used to assess the competition. A prize/ prizes will be awarded each year and the winners of the competition will be put forward for the above-mentioned scheme. The LPO will work to develop these awards over the duration of the plan.
32.	**Irish in local festivals** **Aim:** The LPO will co-ordinate with the Chamber of Commerce to discuss the possibilities of extending the use of Irish in festivals of the town. Support will be offered to ensure that the Irish language has a central place in these festivals, between signage, events, etc.
Education	
33.	**Provision of Irish language classes at different levels** **Aim:** Irish language classes of different levels and with various goals will be offered to the public. Additional classes will be provided in the second half of the implementation of the plan to ensure that progress can be achieved and catered for.
34.	**Exchange scheme between schools in Dungarvan and Gaeltacht na nDéise** **Aim:** Support was shown at the research stage for an exchange scheme between schools in Dungarvan and Gaeltachta na nDéise. The LPO will co-ordinate with principals and teachers of these schools and help to establish this scheme.
35.	**Irish Language Teachers Forum** **Aim:** An 'Irish Language Teachers Forum' will be established to give teachers the opportunity to meet and to share advice and ideas regarding Irish language teaching resources and methodologies. The forum will be open to Irish language teachers and to any teacher that has Irish on their curriculum. The LPO will collaborate with 'Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise' on this.
36.	**Creation of a database of guest speakers with Irish for schools** **Aim:** The LPO will carry out research to compile a list of guest-speakers who are willing to give talks/ workshops through Irish at schools. This database will be shared with local schools and kept up-to-date.

37.	**Strengthening the link between Scoil Gharbháin and Meánscoil San Nioclás** **Aim:** The research for the plan showed that only a small proportion of students attending Scoil Gharbháin are continuing on to the closest Irish medium secondary school- Meánscoil San Nioclás. Steps will be taken to strengthen the link between these schools and to encourage this continuation. Information sessions will be organised and obstacles will be discussed and addressed.
38.	**Promotion of Irish language learning opportunities** **Aim:** Irish language learning opportunities and Irish language resources will be shared and advertised on the 'Dún Garbhán le Gaeilge' website.
38.	**Irish language program for transition year students** **Aim:** The LPO will work with the 'Irish Language Teachers Forum' and with principals, transition year co-ordinators and secondary school Irish teachers to establish and develop a collaborative Irish language program.

_.2 Bearta an Phlean Teanga

Beart 1	**Athrú ar struchtúr Dhún Garbhán le Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	I, K
Critéir Phleanála Teanga	1
Aidhm an Bhirt	Struchtúr oifigiúil Dhún Garbhán le Gaeilge a athrú agus a láidriú
Eolas Breise	Coiste deonach is ea coiste Dhún Garbhán le Gaeilge i láthair na huaire. Clárófar DGleG mar chomharchumann ag tús an phróisis chur i bhfeidhm. Leanfaidh Dún Garbhán le Gaeilge lena chuid oibre nuair a bheidh an plean teanga faomhaithe- chun é a stiúradh agus a chur i bhfeidhm. Beidh sé an-tábhachtach coiste láidir a bheith i bhfeidhm ó thus an phróisis mar beidh baill den Choiste Pleanála Teanga

	freagrach as obair an oifigigh phleanála teanga a bhainistiú. Tabharfaidh an Coiste comhairle agus treoir don oifigeach pleanála teanga le linn thréimhse feidhmithe an phlean. Chun an plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach, beidh sé tábhachtach go mbeidh baill páirteach leis an gCoiste Pleanála Teanga le spéiseanna agus saineolais leathan. Déanfar an Coiste Pleanála Teanga a athcheapadh ag tús an phróisis mar sin agus reáchtálfar próiseas earcaíochta chun baill nua a mhealladh. Rachfar i dteagmháil le heagraíochtaí poiblí agus le páirtithe leasmhara atá ag plé le cúrsaí gnó, oideachais agus teaghlaigh sa bhaile agus tabharfar cuireadh dóibh a bheith ar an gCoiste Pleanála. Beidh sé tábhachtach ionadaíocht chuí ón bpobal a bheith páirteach, leis, mar sin déanfar fógraíocht ar na meáin shóisialta agus crochfar póstaeir sa bhaile chun cuireadh a thabhairt do bhaill an phobail a bheith ar an gcoiste.
Príomhúinéir an Bhirt	An Coiste Pleanála Teanga
Páirtithe Leasmhara	RTCEGSM, Foras na Gaeilge
Saolré an Bhirt	Bliain 1: An Coiste Pleanála Teanga a athcheapadh Bliain 1-7: Beidh an beart seo á fheidhmiú thar shaolré an Phlean Teanga
Costas Measta Iomlán	€500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€500 (Bliain 1)
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Baill coiste a aimsiú agus a choimeád ar an gCoiste Pleanála Teanga le linn thréimhse an Phlean.

Sárú na nDúshlán	Beidh an Coiste Pleanála Teanga ag croílár fheidhmiú an Phlean seo agus mar sin, beidh sé mar chuid de bhunú agus neartú an Phlean go mbeadh feasacht ag muintir an bhaile faoi thábhacht an Phlean Teanga seo. Déanfar fógraíocht agus reachtálfar ionduchtú agus an Plean Teanga seo faomhaithe chun daoine a earcú agus chun cúraimí an Choiste a mhíniú do na baill. Beidh ionduchtú le déanamh gach bliain do bhaill coiste nua.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Eagrófar cruinnithe coiste gach ráithe chun líon na mball a thaifead agus chun a chinntiú nach bhfuil líon na mball coiste ag titim. Déanfar cinneadh ag na cruinnithe seo an mbeidh gá le fógraíocht a dhéanamh as an nua chun baill nua coiste a mhealladh. Déanfar an Coiste Pleanála Teanga a athcheapadh gach bliain.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar ag an mbeart seo ar fheidhmiú an Phlean trí chéile. Beidh feidhmiú an bhirt le meas trí shaolré an Phlean agus beidh gá le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh.

Beart 2	**Ceapachán an Oifigigh Phleanála Teanga**
Réimsí an Bhirt	A-K
Critéir Phleanála Teanga	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Oifigeach Pleanála Teanga cumasach a cheapadh chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm agus chun moltaí a chur ar fáil a chuirfidh le rath an Phlean Teanga
Eolas Breise	Tá sé mar phríomhbheart an Phlean Teanga seo go gceapfar Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a bheidh i bhfeighil ar an bPlean Teanga seo a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Beidh ról ag an OPT i monatóireacht fheidhmiú an Phlean Teanga.

	Beidh sé riachtanach duine a earcú le saineolas cuí/ an-chur amach ar an mBaile Seirbhíse Gaeltachta. Glacfaidh an OPT páirt i gcruinnithe an Choiste Pleanála Teanga (uair sa ráithe ar a laghad) agus tabharfaidh an té a cheapfar eolas don Choiste maidir le feidhmiú an Phlean, dúshláin le sárú, srl. Spreagfar an OPT chun moltaí a dhéanamh agus chun cur le bearta an Phlean. Beidh an OPT freagrach do bhord stiúrtha Dhún Garbhán le Gaeilge
Príomhúinéir an Bhirt	An Cheanneagraíocht (Dún Garbhán le Gaeilge)
Páirtithe Leasmhara	RTCEGSM, Foras na Gaeilge
Saolré an Bhirt	Bliain 1
Costas Measta Iomlán	€368,907.60
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€3,000 (Bliain 1): Earcaíocht €2,000: Taisteal Tuarastal (móide ÁRSC an fhostóra agus pinsean): Bliain 1: €44,939.40 Bliain 2: €46,777.50 Bliain 3: €48,634.30 Bliain 4: €50,438.30 Bliain 5: €52,300.60 Bliain 6: €53,532.60 Bliain 7: €55,284.90
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Oifigeach Pleanála Teanga oiriúnach a cheapadh don ról
Sárú na nDúshlán	An post a fhógairt go forleathan, ní hamháin ar fud limistéar an Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ach go náisiúnta trí na meáin shóisialta agus na meáin thraidisiúnta

Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead leanúnach ar an obair atá ar bun aige/aici. Déanfar tuairiscí míosúla chun monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna Beidh cruinniú ag an OPT leis an gCoiste Pleanála Teanga gach sé mhí ag a bpléifear dul chun cinn maidir le feidhmiú an Phlean agus na mbeart éagsúla
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar ag an mbeart seo ar fheidhmiú an Phlean trí chéile. Beidh feidhmiú an bhirt le meas trí shaolré an Phlean agus beidh gá le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh.

Beart 3	**Áit oibre a réiteach don OPT**
Réimsí an Bhirt	I, K
Critéir Phleanála Teanga	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Áit oibre agus áiseanna oifige a shocrú don OPT (fón, nasc idirlíne, trealamh oifige)
Eolas Breise	Beidh sé riachtanach spás oibre a chur ar fáil don OPT a bheidh suite in áit lárnach i nDún Garbhán. Beidh an áit oibre seo mar cheanncheathrú an OPT agus ba chóir don spás a bheith feiceálach agus inrochtana don bpobal.
Príomhúinéir an Bhirt	An Cheanneagraíocht (Dún Garbhán le Gaeilge), Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Páirtithe Leasmhara	RTCEGSM, Foras na Gaeilge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€78,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€10,000: Cíos €5,000: Trealamh oifige (Bliain 1) €500: Trealamh oifige (Bliain 2-7)

Foinsí Maoinithe	-RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga -Foras na Gaeilge
Dúshláin	Spás oibre oiriúnach a aimsiú don OPT a bheidh lárnach agus feiceálach sa bhaile
Sárú na nDúshlán	Déanfar fiosrú ar spásanna oibre gearrthéarmacha ar nós an Mhoil Dhigitigh go dtí go dtiocfar ar áit níos seasmhaí mar láthair oibre.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú an bhirt seo ag leibhéal na ceanneagraíochta lena chinntiú go bhfuil spás oiriúnach oibre ag an OPT a chuireann lena c(h)umas a c(h)uid oibre a dhéanamh mar is cóir
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	N/Bh

Beart 4	**Fóram na mBailte Seirbhíse Gaeltachta**
Réimsí an Bhirt	F, I, K
Critéir Phleanála Teanga	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Cumarsáid rialta i measc OPTanna sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta a chothú trí Fhóram na mBailte Seirbhíse Gaeltachta
Eolas Breise	Os rud é gur próiseas pleanála teanga nua is ea é seo agus pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta éagsúla ag teacht ar an bhfód den gcéad uair i láthair na huaire, beidh sé tábhachtach teagmháil rialta a chothú leis na coistí pleanála teanga sna limistéir seo chun cabhrú lena chéile agus foghlaim óna chéile. Más é mar aidhm ag an gcatagóiriú nua seo Bailte Seirbhíse Gaeltachta a aithint timpeall na tíre chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil agus a chinntiú do mhuintir Ghaeltachta na tíre, creidtear go mbeidh sé fíorthábhachtach go mbeadh na coistí éagsúla ag obair as scáth a chéile chun an aidhm seo a bhaint amach. Bealach ab ea é seo chun dúshláin choitianta a aithint agus a phlé agus chun stocaireacht a chomhordú.

	Déanfar teagmháil leis na OPTanna/ Coistí Pleanála Teanga eile sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus socrófar cruinnithe leo uair sa bhliain chuige sin. Cothófar teagmháil idir na páirtithe leasmhara idir an dá linn.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	Coistí pleanála teanga éagsúla sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta ar fud na tíre, Foras na Gaeilge
Saolré an Bhirt	Bliain 1: Coimeádfaidh an OPT liosta de na OPTanna eile/ sonraí teaghmálaithe bhaill coiste sna BSG ar fud na tíre Bliain 1-7: Feidhmeoidh an beart seo thar shaolré an Phlean Teanga
Costas Measta Iomlán	€2,800
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€400
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Fóram na mBailte Seirbhíse Gaeltachta a athbhunú. Os rud é nach bhfuil ach roinnt de phleananna na mBailte Seirbhíse Gaeltachta faomhaithe go fóill agus gan OPTanna ceaptha sna bailte ar fad, beidh gá le comhordú leanúnach a dhéanamh air seo
Sárú na nDúshlán	Socróidh an OPT bunachar teagmhálaithe de na páirithe leasmhara cuí nuair a cheapfar é/í agus coimeádfar an bunachar suas chun dáta le linn thréimhse an Phlean Beidh plé oscailte lárnach do rath an bhirt seo, mar sin beidh sé tábhachtach teagmháil a chothú ó thús chur i bhfeidhm an Phlean
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear dul chun cinn fheidhmiú an bhirt seo sna cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga Déanfar taifead de na rudaí a phléitear ag cruinnithe an Fhóraim sna cruinnithe bliantúla agus scaipfear an t-eolas se oar na páirtithe leasmhara éagsúla

Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar ag an mbeart seo ar fheidhmiú an Phlean trí chéile. Beidh feidhmiú an bhirt le meas trí shaolré an Phlean.

Beart 5	**Fóram Pleanála Teanga Phort Láirge**
Réimsí an Bhirt	F, I, K
Critéir Phleanála Teanga	Iad ar fad
Aidhm an Bhirt	Rannpháirteachas i bhFóram Pleanála Teanga Phort Láirge a chothú
Eolas Breise	Bunófar Fóram Pleanála Teanga Phort Láirge chun an nasc idir na ceanneagraíochtaí, coistí pleanála teanga agus OPTanna i nDún Garbhán agus i nGaeltacht na nDéise a chothú. Beidh an Fóram seo tábhachtach chun deiseanna comhoibrithe a aithint sna gníomhaíochtaí pleanála teanga i nDún Garbhán agus i nGaeltacht na nDéise.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	Na Ceanneagraíochtaí (Dún Garbhán le Gaeilge, Comhlucht Forbartha na nDéise), Coiste Limistéar Pleanála Teanga na nDéise, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán le cur i bhfeidhm an bhirt seo

Sárú na nDúshlán	N/Bh
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Tabharfaidh an OPT tuairisc ar fheidhmiú an bhirt seo sna cruinnithe leis an gCoiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le feiscint sa chomhoibriú a chothófar idir coistí pleanála teanga Dhún Garbhán agus na nDéise le linn shaolré an Phlean

Beart 6	**Taighde leanúnach agus scaipeadh eolais maidir le seirbhísí Gaeilge atá ar fáil do mhuintir Dhún Garbhán agus so mhuintir Ghaeltacht na nDéise**
Réimsí an Bhirt	H, K
Critéir Phleanála Teanga	3, 14
Aidhm an Bhirt	Taighde leanúnach a dhéanamh agus torthaí an taighde a scaipeadh i measc an phobail maidir leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil don phobal trí Ghaeilge
Eolas Breise	Déanfar taighde ar na seirbhísí stáit atá ar fáil sa bhaile i mBéarla agus i nGaeilge le linn Bliain 1 agus déanfar athbhreithniú air seo gach bliain. Beidh sé riachtanach aon bhearna i soláthar sheirbhísí stáit sa dá theanga oifigiúla a aithint chun an sprioc go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon i nDún Garbhán, mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, a bhaint amach. Oibreoidh an OPT i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge i gComhairle Cathrach & Contae Phort Láirge chun an taighde seo a dhéanamh agus torthaí an taighde a chur ar fáil don phobal. Cuirfear tuairisc an taighde ar fáil uair sa bhliain. Scaipfear eolas faoi thorthaí an taighde ar an bpobal, maraon le heolas faoi na cearta teanga a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le rogha na dteangacha oifigiúla a úsáid le heagraíochtaí stáit.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT

Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, RTCEGSM, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, an Coimisinéir Teanga
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€2,100
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€300
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Teacht ar an eolas maidir le seirbhísí stáit trí Ghaeilge atá ar fáil do mhuintir Dhún Garbhán agus do mhuintir Ghaeltacht na nDéise. Bearnaí i soláthar sheirbhísí i nGaeilge a aithint agus a cheartú. Daoine a chur ar an eolas maidir lena gcuid cearta teanga.
Sárú na nDúshlán	Oibreoidh an OPT i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge i gComhairle Cathrach & Contae Phort Láirge chun na seirbhísí stáit atá ar fáil trí Ghaeilge a aithint. Lorgófar comhairle ón gCoimisinéir Teanga más cuí, i gcás nach bhfuil seirbhís stáit ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair. Scaipfear eolas ar an suíomh gréasáin, tríd na meáin shóisialta agus trí fhógraí a chrochadh sa bhaile maidir le cearta teanga mar a bhaineann siad le heagraíochtaí stáit.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead d'aon dhul chun cinn a ndéanfar sna tuairiscí míosúla agus pléifear é seo sna cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga. Déanfaidh an OPT liosta na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge a uasdhátú uair sa bhliain.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar ag an mbeart seo ar bhearta eile an phlean.

Beart 7	**Bunachar Teagmhálaithe**
Réimsí an Bhirt	K
Critéir Phleanála Teanga	1, 19
Aidhm an Bhirt	Pobal an Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a choimeád ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an Phlean Teanga Ionchur agus aiseolas an phobail a fháil go leanúnach maidir le bearta an Phlean
Eolas Breise	Coimeádfaidh an OPT bunachar teagmhálaithe (ainm, seoladh ríomhphoist/ uimhir theileafóin) de dhaoine gur spéis leo a bheith ar an eolas fén bpróiseas pleanála teanga. Úsáidfear an bunachar seo chun nuacht/ fógraíocht a scaipeadh ar an bpobal Seolfaidh an OPT nuachlitir chuig teagmhálaithe sa bhunachar ar dháta sonrach uair sa ráithe Beidh ar an mbunachar seo cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	Pobal Dhún Garbhán agus Dhún na Mainistreach, Pobal na nDéise
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Feasacht a ardú i measc an phobail mar gheall ar an bPlean Teanga agus suim an phobail a spreagadh chun a bheith páirteach.
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht mar chuid de sheoladh an Phlean Teanga chun muintir an phobail a mhealladh.

	Scaipfear sonraí teagmhála an OPT ar an bpobal nuair a cheapfar é/í agus molfar teagmháil a dhéanamh leis an OPT chun a bheith curtha san áireamh sa bhunachar seo.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar feidhmiú an bhirt seo a phlé ag cruinnithe coiste faoi mar is gá
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiscint in éifeacht bhearta an Phlean ar fad

Beart 8	**Suíomh idirlín a bhunú**
Réimsí an Bhirt	K
Critéir Phleanála Teanga	1, 15
Aidhm an Bhirt	Cumarsáid agus poiblíocht a éascú idir an Cheanneagraíocht/ an OPT agus pobal an bhaile
Eolas Breise	Forbrófar suíomh gréasáin Dhún Garbhán le Gaeilge don Phlean Teanga Úsáidfear an suíomh chun eolas a roinnt leis an bpobal fé dhul chun cinn an Phlean Teanga agus cur i bhfeidhm na mbeart éagsúla. Scaipfear eolas ar an suíomh faoi chruinnithe, imeachtaí éagsúla agus sonraí teagmhála an OPT. Bainfear leas as leathanaigh Facebook agus Twitter Dhún Garbhán le Gaeilge chun cabhrú leis seo chomh maith. Bainfidh an OPT leas as ardáin eile ar na meáin shóisialta ar nós Instagram, Tik Tok agus eile a bheadh oiriúnach chun teacht ar aoisghrúpaí éagsúla sa phobal. Cuirfear leathanach d'fhoghlaimeoirí san áireamh ar an suíomh gréasáin le hacmhainní agus naisc chuig ábhar tacaíochta.

	Cuirfear leathanaigh san áireamh don trí réimse gnímh príomha don Phlean Teanga- oideachas, gnó agus teaghlaigh + an óige le hacmhainní cuí agus eolas faoi bhearta an Phlean mar a bhaineann siad leis na réimsí gnímh éagsúla
Príomhúinéir an Bhirt	An Coiste Pleanála Teanga, an OPT nuair a cheapfar é/í
Páirtithe Leasmhara	Pobal Dhún Garbhán
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€5,750
Costas Measta in aghaidh na Bliana	Bliain 1: €1,250 Bliain 2-7: €750
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Aird an phobail a tharraingt chuig an suíomh gréasáin le cinntiú go mbeidh a fhios ag an bpobal gurb ann dó agus go mbainfear leas as an suíomh. Beidh scileanna teicniúla ag teastáil leis an suíomh a fhorbairt agus a uasdhátú.
Sárú na nDúshlán	Scaipfear eolas faoin suíomh gréasáin nua seo ar chuntais mheáin shóisialta Dhún Garbhán le Gaeilge. Déanfar teagmháil dhíreach le heagraíochtaí poiblí an bhaile agus leis na daoine a léirigh spéis sa phróiseas pleanála teanga cheana féin chun aird a dhíriú ar an suíomh agus chun na sonraí a scaipeadh níos forleithne. Ceapfar duine cuí a bheidh ábalta cabhrú leis an OPT an suíomh a shocrú agus a uasdhátú faoi mar is gá.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Pléifear feidhmiú an bhirt seo ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga Coimeádfaidh an OPT taifead ar cé mhéad duine a thugann cuairt ar an suíomh in aghaidh na míosa agus déanfar níos mó fógraíochta ar an suíomh de réir mar is gá

Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgóidh an OPT tuairimí agus moltaí ón bpobal faoin suíomh in aghaidh na bliana trí bhosca moltaí a chur in airde. Úsáidfear moltaí an phobail mar threoir chun an suíomh a leasú

Beart 9	**Seoladh an Phlean Teanga**
Réimsí an Bhirt	G, K
Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 11, 12, 16, 19
Aidhm an Bhirt	Déanfar ceiliúradh ar an aitheantas nua a thabharfar do Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta trí sheoladh oifigiúil a eagrú don Phlean.
Eolas Breise	Eagrófar ócáid chun an Plean Teanga a sheoladh go hoifigiúil. Déanfar achoimre i nGaeilge agus i mBéarla de phríomhbhearta an Phlean le scaipeadh ar an bpobal. Beidh deis ann le seoladh an Phlean Teanga an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas fén bPlean Teanga agus fén aitheantas nua atá tugtha do Dhún Garbhán mar cheann de Bhaile Seirbhíse Gaeltachta na tíre. Úsáidfear an seoladh chun tábhacht an phróiseas pleanála teanga seo a chur in iúl don bpobal agus chun an pobal a mhisniú.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, an pobal, na meáin áitiúla agus náisiúnta
Saolré an Bhirt	Bliain 1
Costas Measta Iomlán	€5,000

Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1000: Bileoga eolais faoin bPlean le hachoimre na mbeart a chur i gcló €2,500: Soláistí €1,500: Ceol/ cainteoir don seoladh Iomlán: €5,000 (Bliain 1)
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Éiginnteacht ama a bhaineann le fostú an OPT
Sárú na nDúshlán	N/Bh
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh rath an bhirt le meas trí fheiceálacht sna meáin agus rannpháirtíocht ag an seoladh
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh rath an bhirt seo le feiscint i gcur i bhfeidhm bhearta éagsúla an Phlean Teanga

Beart 10	**Feachtas feasachta leanúnach**
Réimsí an Bhirt	G
Critéir Phleanála Teanga	3, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an Bhirt	Feasacht a ardú ar bhonn leanúnach i measc an phobail maidir le hobair an CPT agus an OPT chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus seirbhísí Gaeilge a fhorbairt sa cheantar
Eolas Breise	Beidh sé ríthábhachtach thar shaolré an Phlean Teanga seo go mbeidh feachtas feasachta mar chuid lárnach d'fheidhmiú an Phlean agus de chur i bhfeidhm na mbeart ar fad. Ceapfar Oifigeach Caidreamh Poiblí ar an gCoiste Pleanála Teanga chun é seo a éascú agus oibreoidh an té sin leis an OPT chun feachtas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déanfar nasc leis na meáin chumarsáide áitiúla agus déanfar poiblíocht leanúnach tríd an suíomh gréasáin, nuachtlitir, ábhar clóite agus greamáin a chruthú agus a roinnt leis an bpobal. Déanfar póstaeir agus comharthaíocht chun fógraíocht a dhéanamh faoi imeachtaí, srl.

Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga (Oifigeach Caidreamh Poiblí), Foras na Gaeilge, RTCEGSM
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€10,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,500
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Beidh le cinntiú go ndearfar ábhar tarraingteach poiblíochta chun aird an phobail a dhíriú ar bhearta an Phlean agus a bhfeidhmiú
Sárú na nDúshlán	Úsáidfear cuid den bhuiséad chun dul i gcomhairle le dearthóir proifisiúnta le cinntiú go gcuirfear ábhar tarraingteach poiblíochta ar fáil, chun cabhrú le cur i bhfeidhm bhearta an Phlean Teanga
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead de na bealaí éagsúla a ndéanfar feasacht an phobail ar fheidhmiú an Phlean a ardú sna tuairiscí míosúla agus pléifear é seo ag cruinnithe de chuid an OPT leis an gCoiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt le feiscint i ngach gné de chur i bhfeidhm an Phlean Teanga Eagrófar fóram bliantiúil chun deis a thabhairt don bpobal ionchur a bheith acu maidir le cur chuige an Phlean Teanga agus aiseolas a thabhairt ar dhul chun cinn

Beart 11	**Eolaire seirbhísí Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	D, E, F, I, J, K

Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Eolaire a chur ar fáil don bpobal chun feasacht a ardú maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil go háitiúil
Eolas Breise	Tháinig easpa feasachta ar sheirbhísí Gaeilge atá ar fáil i nDún Garbhán mar chonstaic d'úsáid níos forleithne na Gaeilge sa chéim taighde don Phlean Teanga. Cuirfidh an OPT eolaire le chéile mar lárphointe eolais faoi na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil don bpobal i ngnólachtaí Dhún Garbhán. Déanfaidh an OPT teagmháil le gnólachtaí áitiúla chun eolas a bhailiú maidir leis na seirbhísí gur féidir le gnólachtaí éagsúla a thairiscint trí Ghaeilge. Beidh an eolaire ar fáil ar shuíomh ghréasán an Phlean agus scaipfear eolas faoi na seirbhísí seo ar na meáin shóisialta agus sna meáin thraidisiúnta
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, An Cumann Tráchtála, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, gnólachtaí an bhaile
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Mar gheall ar chúrsaí foirne a bheith ag athrú, beidh sé mar dhúshlán an eolaire seo a choimeád suas chun dáta le cinntiú go mbeidh eolas cruinn ar fáil don bpobal
Sárú na nDúshlán	Déanfaidh an OPT teagmháil le gnólachtaí an bhaile dhá uair sa bhliain le cinntiú an bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge fós á dtairiscint acu/ an bhfuil seirbhísí nua ar fáil trí Ghaeilge agus déanfar uasdhátú ar an eolaire de réir mar is cuí

Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Tuairiscí Míosúla an OPT, méadú thairiscint + éileamh na seirbhísí Gaeilge thar shaolré an Phlean
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar ag an mbeart seo le feiscint i bhfeidhmiú na mbeart eile sa Phlean Teanga

Beart 12	**Lár-ionad Gaeilge a bhunú i nDún Garbhán**
Réimsí an Bhirt	D, E, F, I, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Spás fisiciúil buan don Ghaeilge a chruthú i nDún Garbhán
Eolas Breise	Lár-ionad Gaeilge a bhunú i mbaile Dhún Garbhán a bhfeidhmeoidh mar cheanncheathrú na Gaeilge sa bhaile, faoi mar a mholtar sa cháipéis 'Treo Straitéiseach d'Fhoras na Gaeilge, 2020-2025' (lch.29). Deirtear sa cháipéis go n-aithnítear "an gá le tacú le forbairt na n-ionad…i gceantar ina bhfuil Baile Seirbhíse Gaeltachta" (*Ibid.*) Cuirfear seirbhísí Gaeilge ar fáil san ionad ar nós caifé, siopa leabhar, seirbhísí teaghlaigh, imeachtaí don óige, ciorcail comhrá agus ceardlanna Beidh tionchar ag an ionad seo ar shaol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha an bhaile Coimisiúnófar staidéar féidearthachta chun cás láidir a dhéanamh agus bunús a leagan síos d'fhorbairt an ionaid seo i nDún Garbhán
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT, An Coiste Pleanála Teanga
Páirtithe Leasmhara	Pobal Dhún Garbhán agus pobal Ghaeltacht na nDéise, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Foras na Gaeilge, RTCEGSM
Saolré an Bhirt	Bliain 4-7

Costas Measta Iomlán	€25,000: Staidéar féidearthachta
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Beidh forbairt an ionaid seo ag brath ar thacaíocht agus ar mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge/ RTCEGSM
Sárú na nDúshlán	Iarrfar ar thaighdeoirí tabhairt faoin staidéar féidearthachta agus tuairiscí rialta a thabhairt do Dhún Garbhán le Gaeilge ar an dul chun cinn chun cás láidir a dhéanamh d'fhorbairt an ionaid.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar athbhreithniú ar an mbeart seo uair sa ráithe (Bliain 4-7) i gcruinnithe idir an CPT agus an OPT
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le meas trí thaifead a choimeád ar dhul chun cinn agus ar rannpháirtíocht sa Lár-Ionad Gaeilge

Beart 13	**Comharthaíocht Ghaeilge sa bhaile a fhorbairt**
Réimsí an Bhirt	9, 10, 11, 12, 14, 15
Critéir Phleanála Teanga	E, F, G, H, I, K
Aidhm an Bhirt	Feiceálacht na Gaeilge i nDún Garbhán a fheabhsú trí chomhlachtaí agus eagraíochtaí a spreagadh chun chomharthaíocht i nGaeilge agus dhátheangach a chrochadh ar fud an bhaile
Eolas Breise	Mar chuid de cheardlanna Gnó le Gaeilge (Beart 30) spreagfar lucht gnó an bhaile chun Gaeilge a chur ar chomharthaíocht agus ábhar clóite i ngnólachtaí an bhaile. Déanfar comhoibriú le Comhairle Phort Láirge, An Cumann Tráchtála, lucht gnó an bhaile, an ionad turasóireachta agus

	eagraíochtaí eile a bheadh ag cur comharthaíocht in airde chun tacú le híomhá níos Gaelaí sa bhaile a chothú Spreagfar gnólachtaí le leas a bhaint as an Scéim Tacaíochta Gnó de chuid Fhoras na Gaeilge le tacaíocht bhreise a fháil chuige sin. Beidh deis ag lucht gnó an bhaile leas a bhaint as seirbhís aistriúcháin saor in aisce (Beart 20) chun cabhrú leis seo. Cuirfear aighneacht le chéile don Phlean Ceantair Áitiúil do Dhún Garbhán ag iarraidh ar an gComhairle Cathrach & Contae dualgas a leagadh ar lucht gnó an bhaile Gaeilge a úsáid ar chomharthaí nua a chrochfar sa bhaile. Rachfar i gcomhairle leis an gCumann Tráchtála chuige sin
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, An Cumann Tráchtála
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Dualgais a leagadh amach chun comharthaíocht trí Ghaeilge agus comharthaíocht dhátheangach a éileamh i nDún Garbhán agus Gnólachtaí a mhealladh lena bheith rannpháirteach
Sárú na nDúshlán	Beidh cás láidir le déanamh lena chinntiú go gcuirfear an dualgas seo i bhfeidhm. Déanfar é sin trí thábhacht fheiceálacht na Gaeilge i nDún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeilge a leagadh amach san aighneacht. Beidh teagmháil idir an OPT, an Cumann Tráchtála agus úinéirí ghnólachtaí an bhaile riachtanach chun rath an bhirt a chinntiú.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar feidhmiú an bhirt seo a mheas tríd an méadú ar chomharthaí i nGaeilge agus comharthaí dátheangacha timpeall an bhaile a mheas

Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiscint i gcur i bhfeidhm na mbeart éagsúla

Beart 14	**Péacóg: Féile Ealaíne Dhátheangach**
Réimsí an Bhirt	C, D, F, I, J, K
Critéir Phleanála Teanga	3, 8, 9, 10, 12, 15
Aidhm an Bhirt	Tacófar leis an bhféile ealaíne dhátheangach 'Péacóg' agus forbrófar an fhéile thar shaolré an Phlean
Eolas Breise	Féile ealaíne dhátheangach is ea 'Péacóg' gur chuir baill de choiste na n-óg, Dún Garbhán le Gaeilge, tús léi roinnt blianta ó shin. Féile is ea í atá dírithe ar óige an bhaile agus a thugann deis don óige páirt a ghlacadh inti trí réimse ócáidí a chur ar bun, lena n-áirítear seisiúin ceoil agus filíochta, seisiúin mic-oscailte agus ceardlanna Leanfar leis an tacaíocht a thugann an ceanneagraíocht do chur ar bun na Féile Tacófar le leathnú na Féile, mar shampla trí chabhrú le coiste na Féile ócáidí nua a eagrú le linn na bliana maraon leis an bpríomh-Fhéile le linn an tsamhraidh. Déanfar poiblíocht don bhFéile ar shuíomh gréasáin an Phlean Teanga agus ar na meáin shóisialta
Príomhúinéir an Bhirt	An Coiste Pleanála Teanga (fochoiste na nÓg)
Páirtithe Leasmhara	An OPT, Éire Ildánach Phort Láirge, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€10,500

Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,500
Foinsí Maoinithe	-RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga -Éire Ildánach Phort Láirge -Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Dúshláin	Suim an phobail san Fhéile a ardú agus aoínna ar ardchaighdeán a mhealladh
Sárú na nDúshlán	Déanfaidh an OPT poiblíocht don Fhéile ar an suíomh gréasáin agus tríd na meáin shóisialta
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le feiscint gach bliain d'fheidhmiú an Phlean le cur ar bun na Féile
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Déanfar éifeacht an bhirt a mheas trí rannpháirtíocht san Fhéile gach bliain

Beart 15	**Ciorcail chomhrá**
Réimsí an Bhirt	B, C, D, E, K
Critéir Phleanála Teanga	9, 10, 11
Aidhm an Bhirt	Deiseanna sóisialta labhairt na Gaeilge a éascú agus a neartú trí thacaíocht a thabhairt do na ciorcail chomhrá sa bhaile agus bunú chiorcal nua a spreagadh
Eolas Breise	Tabharfar gach tacaíocht do na ciorcail chomhrá atá ar an bhfód i nDún Garbhán cheana féin. Rachaidh an OPT i dteagmháil le háisitheoirí na gciorcal comhrá chun aon chabhair a bheadh á teastáil uathu a phlé. Cuirfear seirbhís clódóireachta agus fógraíochta ar fáil d'áisitheoirí na gciorcal comhrá trí oifig an OPT. Déanfar poiblíocht ar na ciorcail chomhrá ar an suíomh gréasáin agus leathanaigh mheáin shóisialta.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT

Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Ciorcail Chomhrá an bhaile, Glór na nGael, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Leabharlann Dhún Garbhán, Óstán na Páirce
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€3,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€500
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Áiteanna oiriúnacha a aimsiú chun ciorcail chomhrá nua a chur ar bun. Cinntiú nach mbeadh ciorcail chomhrá nua ag baint ó na ciorcail atá ar an bhfód cheana féin.
Sárú na nDúshlán	Déanfaidh an OPT teagmháil leis na daoine cuí chun áiteanna féideartha a lorg d'aon chiorcal comhrá nua a bheidh le bunú. Tabharfaidh an Coiste Pleanála Teanga moltaí don OPT chuige sin. Féachaint go straitéiseach ar bhunú Chiorcail Chomhrá nua, le cinntiú go bhfuil spás do gach grúpa.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Taifead a dhéanamh ar líon na gciorcal comhrá sa bhaile in aghaidh na bliana. Iarrfaidh an OPT ar éascaitheoirí na gciorcal éagsúla taifead a choimeád ar líon na rannpháirtithe sna ciorcail gach seachtain
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Méadú líon na gciorcal comhrá agus líon na rannpháirtithe ag freastal ar na ciorcail thar shaolré an Phlean

Beart 16	**Imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge**
Réimsí an Bhirt	C, D, E, F, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15

Aidhm an Bhirt	Deiseanna sóisialta trí Ghaeilge a chur ar siúl go rialta sa BSG ar mhaithe le húsáid na Gaeilge i measc an phobail a ardú.
Eolas Breise	Eagróidh an OPT imeachtaí sóisialta rialta chun deis a thabhairt don bpobal Gaeilge a labhairt lena chéile agus a chlos i suíomhanna neamhfhoirmeálta. Cuirfear meascán d'imeachtaí éagsúla ar bun, m.sh. Pop-Up Gaeltacht, oícheanta caidrimh agus scéalaíochta, maidineacha caife, srl. Socrófar ar shuíomhanna éagsúla ar fud an bhaile chun na himeachtaí seo a chur ar bun ó mhí go mí agus déanfar poiblíocht ar na himeachtaí ar na meáin shóisialta agus thraidisiúnta.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, An Cumann Tráchtála, tionscal an fháilteachais sa bhaile, Leabharlann Dhún Garbhán, Ionad Ealaíon Seanteach an Mhargaidh, Músaem Dhún Garbhán, Amharclann Dhún Garbhán, Seachtain na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€11,200
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,600
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine a spreagadh chun freastail ar na himeachtaí agus suíomhanna oiriúnacha a aimsiú
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht fhorleathan ar na himeachtaí ar leathanaigh meáin shóisialta na ceanneagraíochta, ar an suíomh gréasáin, tríd na meáin áitiúla agus trí phóstaeir a chrochadh timpeall an bhaile.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar na himeachtaí éagsúla a chuirtear ar siúl agus pléifear é seo sna cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga

Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Úsáidfear an bosca moltaí ar shuíomh gréasáin Dhún Garbhán le Gaeilge chun aiseolas a bhailiú faoi na himeachtaí a chuirfear ar siúl. Coimeádfar taifead de líon na ndaoine a bhíonn ag freastal ar na himeachtaí éagsúla

Beart 17	**Léachtaí agus ceardlanna trí Ghaeilge bunaithe ar stair, cultúir, canúint, logainmneacha agus oidhreacht na háite**
Réimsí an Bhirt	C, D, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Ócáidí éagsúla a chur ar siúl a bheidh an Ghaeilge mar theanga cumarsáide dóibh chun deiseanna a thabhairt do mhuintir na háite an Ghaeilge a chlos agus a labhairt ar bhonn níos minicí agus chun eolas mar gheall ar oidhreacht teanga agus chultúrtha na háite a scaipeadh ar an bpobal
Eolas Breise	Reáchtálfar ócáidí trí Ghaeilge, uair sa ráithe ar a laghad, bunaithe ar ghnéithe éagsúla d'oidhreacht teanga agus chultúrtha an cheantair (m.sh cainteanna bunaithe ar stair, cultúr, canúint, logainmneacha agus oidhreacht na háite).
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, Ionad Ealaíon Seanteach an Mhargaidh, Leabharlann Dhún Garbhán, Músaem Dhún Garbhán, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€7,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,000
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine oiriúnacha a aimsiú a thabharfaidh cainteanna ag na hócáidí seo agus daoine a spreagadh chun freastail orthu

Sárú na nDúshlán	Déanfaidh an OPT plé leis an gCoiste Pleanála Teanga, le OPT na nDéise agus le heagraíochtaí eile chun ainmneacha daoine oiriúnacha do na hócáidí seo a bhailiú. Déanfar poiblíocht go forleathan ar na hócáidí.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt le tuairisc ag an OPT sna tuairiscí míosúla agus le plé ag cruinnithe idir an Choiste Pleanála Teanga agus an OPT
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Tabharfar rogha do rannpháirtithe ag na hócáidí a gcuid sonraí teagmhála a thabhairt más mian leo ar mhaithe le haiseolas a bhailiú i ndiaidh gach ócáide. Déanfar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na hócáidí éagsúla.

Beart 18	**Seal le Seanchaí**
Réimsí an Bhirt	C, D, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Ócáid scéalaíochta a chur ar bun uair sa ráithe chun traidisiún saibhir seanchais an dúthaigh a roinnt leis an bpobal
Eolas Breise	Cuirfear an ócáid seo ar siúl uair sa ráithe. Forbrófar an ócaid chun daoine óga agus teaghlaigh a mhealladh le bheith páirteach, mar aon le daoine fásta.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Foras na Gaeilge, Glór na nGael, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Leabharlann Dhún Garbhán
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€9,450
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€200: Táillí Ealaíontóirí €150: Costais Trealaimh (trealamh fuaime/ soilsithe) €100: Cíos Iomlán (€450 x 3): €1,350

Foinsí Maoinithe	-RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga -Éire Ildánach Phort Láirge -Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge -Foras na Gaeilge
Dúshláin	Daoine a aimsiú chun labhairt ag an ócáid seo
Sárú na nDúshlán	Déanfar plé leis an gCoiste Pleanála Teanga agus le heagraíochtaí/ daoine eile chun daoine oiriúnacha a aimsiú a labhróidh ag na hócáidí seo
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT cur síos ar reáchtáil na n-imeachtaí seo sna tuairiscí míosúla agus pléifear é seo ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Aiseolas a lorg ó rannpháirtithe ag na hócáidí. Déanfar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na hócáidí éagsúla.

Beart 19	**Tacaíocht do chlubanna CLG an BSG**
Réimsí an Bhirt	C, J
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10
Aidhm an Bhirt	Clubanna CLG áitiúla a spreagadh i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge
Eolas Breise	Tabharfar tacaíocht agus maoiniú breise do chlubanna CLG atá suite sa Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus cláraithe le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha. Ba chóir don OPT a bheith ag smaoineamh ar bhealaí chun an beart seo a oscailt amach thar shaolré an Phlean d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chlubanna spóirt/ óige/ sóisialta eile sa bhaile chomh maith.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Glór na nGael, Clubanna CLG an cheantair

Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€12,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,000 (€1,000 x 2 chlub CLG)
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Clubanna a mhealladh le bheith páirteach sa scéim agus le cur le lárnú agus le húsáid na Gaeilge
Sárú na nDúshlán	Déanfar teagmháil leis na clubanna CLG atá suite sa BSG d'fhonn na féidearthachtaí a phlé
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Iarrfaidh an OPT ar na clubanna CLG éagsúla tuairisc ghearr a chur ar aghaidh ina leagfar plean amach maidir leis an tslí a mbainfear leas as an maoiniú breise seo a chur in iúl agus aiseolas ag deireadh na bliana maidir lena bhfuil bainte amach
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le sonrú sna slite a chuirfear le húsáid na Gaeilge sna clubanna CLG.

Beart 20	**Teanga Tí**
Réimsí an Bhirt	B, C
Critéir Phleanála Teanga	7, 8, 9, 10, 15
Aidhm an Bhirt	Tacaíocht a thabhairt don scéim Teanga Tí chun níos mó teaghlach a mhealladh chun a bheith páirteach sa scéim
Eolas Breise	Tacófar leis an scéim 'Teanga Tí' de chuid Ghlór na nGael, scéim a spreagann agus a thacaíonn le labhairt na Gaeilge i measc teaghlaigh. Beidh sé mar aidhm an Phlean cur leis an líon teaghlach a ghlacann páirt sa scéim sa cheantar, ina measc líonraí teaghlaigh sa phobal, sna scoileanna, i gclubanna CLG, agus grúpaí súgartha do theaghlaigh le páistí reamhscoile.

	Déanfar comhoibriú le Glór na nGael i dtreo deiseanna spraíúla lán-Ghaeilge rialta a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil paistí le Gaeilge nó ar mian leo sin a dhéanamh. Oibreoidh an OPT leis an Oifigeach Forbartha atá ag Glór na nGael sa cheantar chun níos mó imeachtaí a reáchtáil le teaghlaigh a ghlacann páirt sa scéim.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Glór na nGael, teaghlaigh an bhaile
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€3,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€500
Foinsí Maoinithe	- RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga - Glór na nGael
Dúshláin	Beidh sé mar dhúshlán do chur i bhfeidhm an bhirt seo teaghlaigh a aimsiú a bheidh sásta páirt a ghlacadh sa scéim
Sárú na nDúshlán	Eagrófar seisiúin eolais chun eolas a scaipeadh i measc an phobail maidir leis an scéim. Míneofar cad atá i gceist leis an scéim agus spreagfar teaghlaigh chun páirt a ghlacadh inti. Déanfar fógraíocht don scéim ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le meas trí thaifead a dhéanamh ar líon na dteaghlach a ghlacann páirt sa scéim in aghaidh na bliana. Coimeádfaidh an OPT taifead air sin agus ar na hiarrachtaí atá déanta daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa scéim. Pléifear é seo ag cruinnithe gach ráithe
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le sonrú trí theagmháil leis na teaghlaigh a ghlacann páirt sa scéim 'Teanga Tí'

Beart 21	**Grúpa Spraoi**
Réimsí an Bhirt	B, C
Critéir Phleanála Teanga	7, 8, 9, 10, 15
Aidhm an Bhirt	Tacaíocht a thabhairt i dtreo ghrúpa spraoi a chur ar siúl agus deiseanna líonraithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do theaghlaigh le leanaí réamhscoile
Eolas Breise	Déanfar comhoibriú le Glór na nGael chun grúpa spraoi Gaeilge agus ilteangach a chur ar siúl do theaghlaigh le leanaí réamhscoile i nDún Garbhán ar bhonn rialta. Cruthófar bunachar d'aoíanna a bheadh oiriúnach chun gníomhaíochtaí a reáchtáil leis an ngrúpa spraoi ó am go chéile agus chun comhairle a roinnt ar an ngrúpa maidir le tógáil clainne trí Ghaeilge. Seolfar cuireadh chuig aoíanna chun a bheith páirteach sa ghrúpa spraoi.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	Glór na nGael, An Coiste Pleanála Teanga, Leabharlann Dhún Garbhán, Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€2,400
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€400
Foinsí Maoinithe	-RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga -Glór na nGael -Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge
Dúshláin	Daoine nua a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa ghrúpa spraoi
Sárú na nDúshlán	Déanfar teagmháil le bunscoileanna, naíscoileanna agus naíolanna an bhaile chun eolas faoin ngrúpa spraoi a scaipeadh

	Déanfar poiblíocht don ghrúpa spraoi ar leathanaigh mheáin shóisialta éagsúla agus tríd an raidió agus sna nuachtáin áitiúla
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le meas trí thaifead a dhéanamh ar líon na dteaghlach a ghlacann páirt sa ghrúpa spraoi in aghaidh na míosa. Coimeádfaidh an OPT taifead air sin agus ar na hiarrachtaí atá déanta daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa ghrúpa. Pléifear é seo ag cruinnithe gach ráithe
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas ó na teaghlaigh a ghlacann páirt sa ghrúpa spraoi mar bhealach chun éifeacht an bhirt seo a mheas.

Beart 22	**Tacaíochtaí teanga do theaghlaigh atá ag iarraidh cur le húsáid na Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	B, D, K
Critéir Phleanála Teanga	7, 8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Tuismitheoirí a chumasú chun cur lena gcuid Gaeilge sa teaghlach
Eolas Breise	Léirigh na torthaí taighde go bhfuil bearna idir cumas Gaeilge na bpáistí i nDún Garbhán a bhfreastlaíonn ar ghaelscoileanna/ ghaelcholáistí agus a dtuismitheoirí. Léirigh tuismitheoirí a d'fhreagair an suirbhé go dteastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Cuirfear deiseanna ar fáil do thuismitheoirí é sin a dhéanamh trí cheardlanna a eagrú do thuismitheoirí/ chaomhnóirí ar bheagán Gaeilge a bhfuil páistí sa teaghlach ag freastal ar ghaelscoil/ ghaelcholáiste d'fhonn cur lena gcuid muiníne agus chun dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú ina measc. Díreofar chomh maith ar thuismitheoirí nach raibh deis acu riamh an Ghaeilge a fhoghlaim agus tabharfar tacaíocht dóibh i bhfoirm acmhainní foghlama srl.

	Déanfar comhoibriú leis na scoileanna chun na ceardlanna seo a reáchtáil sna scoileanna féin le linn am scoile nó ag am oiriúnach eile. Díreofar ar stór focail agus cúrsaí téarmaíochta don chuid is mó. Mar chuid den bheart seo, bunófar scéim ar féidir le tuismitheoirí clárú leis chun ábhar tacaíochta teanga (m.sh. póstaeir, greamáin, suantraí, nótaí) a fháil tríd an bpost cúpla uair sa bhliain Rachaidh an OPT i dteagmháil leis an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta chun féachaint an féidir beart de Phacáistí Tacaíochta Teaghlaigh a fháil don BSG.
	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Scoil Gharbháin, tuismitheoirí agus caomhnóirí an bhaile, An Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
Saolré an Bhirt	Bliain 3-7
Costas Measta Iomlán	€6,800
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€360: 6 cheardlann in aghaidh na bliana i Scoil Gharbháin, @€60 an ceann €1,000: Ábhar tacaíochta Iomlán: €1,360
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Tuismitheoirí a mhealladh chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna seo. Am oiriúnach a shocrú chun na ceardlanna a chur ar siúl. Múinteoirí/ éascaitheoirí oiriúnacha a aimsiú. Ábhar oiriúnach a réiteach agus a chur ar fáil.
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht do na ceardlanna seo ar an suíomh gréasáin, tríd na meáin shóisialta agus na meáin áitiúla. Maraon leis sin, déanfar poiblíocht tríd na scoileanna féin agus eagrófar seisiún eolais chun spriocanna na gceardlann a mhíniú.

	Cuirfear foirm chuig na tuismitheoirí a léiríonn suim sna ceardlanna agus tabharfar rogha amanna dóibh. Roghnófar am a oireann d'fhormhór na dtuismitheoirí. Lorgófar comhairle ó Fhoras na Gaeilge agus ó Thuismitheoirí na Gaeltachta maidir le hábhar tacaíochta oiriúnach.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead do dhul chun cinn an bhirt sa tuairisc mhíosúil (bliain 3-7) agus pléifear an dul chun cinn sna cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas ó na tuismitheoirí a ghlacann páirt sna ceardlanna seo i ndiaidh gach ceann acu agus déanfar leasaithe orthu i bhfianaise an aiseolais.

Beart 23	**Imeachtaí sóisialta do thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus do theaghlaigh**
Réimsí an Bhirt	B, C, K
Critéir Phleanála Teanga	2, 7, 8, 11
Aidhm an Bhirt	Imeachtaí sóisialta a chur ar fáil trí Ghaeilge d'fhonn deiseanna a thabhairt do thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus do theaghlaigh cur le húsáid a gcuid Gaeilge go sóisialta
Eolas Breise	Déanfar comhoibriú le Glór na nGael i dtreo imeachtaí spraíúla a chur ar siúl do theaghlaigh atá ag tógáil páistí trí Ghaeilge agus ar mian leo cur leis an méid Gaeilge a labhraítear go sóisialta. Leanfar le himeachtaí ar nós na Céilithe trí Ghaeilge do theaghlaigh chun deis a thabhairt do bhreis teaghlaigh a bheith ag gníomhú trí Ghaeilge. Déanfar comhoibriú le *Dungarvan School of Trad* ar na Céilithe.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Glór na nGael, *Dungarvan School of Trad,* tuismitheoirí agus teaghlaigh an bhaile

Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€15,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,500
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa scéim.
Sárú na nDúshlán	Scaipfear eolas faoin scéim go forleathan, tríd na meáin shóisialta, ar an suíomh gréasáin, sna meáin áitiúla, tríd na scoileanna agus i measc ghrúpaí tuismitheoirí sa bhaile.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar líon na dteaghlach ag glacadh páirte sa scéim seo agus pléifear é sin ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas gach bliain ó thuismitheoirí a ghlacann páirt sna himeachtaí agus iarrfar orthu aon easnaimh a léiriú/ moltaí a sholáthar

Beart 24	**Bunachar d'fheighlithe leanaí a bheadh sásta feidhmiú trí Ghaeilge**
Réimsí an Bhirt	B, D
Critéir Phleanála Teanga	2, 3, 7, 8, 9, 11
Aidhm an Bhirt	Bunachar teagmhálaithe a chruthú do dhaoine le Gaeilge a bheadh sásta feidhmiú mar fheighlithe linbh chun an ionchur Gaeilge a fhaigheann páistí Dhún Garbhán a chinntiú agus a mhéadú
Eolas Breise	Cuirfidh an OPT tús le hainmneacha a bhailiú don scéim seo i mbliain 2. Ba chóir don OPT teagmháil a dhéanamh le OPT na nDéise chun poiblíocht a dhéanamh i nGaeltacht na nDéise.

	Agus na hainmneacha bailithe sa bhunachar, déanfar poiblíocht ar an scéim ar a suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, na meáin áitiúla, srl. Deanfaidh an OPT teagmháil le Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge, TÚSLA agus *Childminding Ireland* chun go mbeidh féidearthachtaí agus eolas faoi chúramóirí linbh agus seirbhísí cúram leanaí le Gaeilge sa cheantar ar fáil go héasca ar a gcuid suíomhanna. Cuirfear tacaíocht ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí ar mhaith leo Gaeilge nó tuilleadh Gaeilge a úsáid trí cheardlanna, seirbhís aistriúcháin agus eile a chur ar fail dóibh. Déanfar comhoibriú le Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge air seo. Beidh ar an mbunachar seo cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge, TUSLA, *Childminding Ireland*
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€300
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€50
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine le Gaeilge a mhealladh chun a bheith páirteach sa scéim agus a gcuid sonraí teagmhálaithe a chur san áireamh sa bhunachar.
Sárú na nDúshlán	Déanfar comhoibriú le Comhlucht Forbartha na nDéise agus leis an OPT chun poiblíocht a dhéanamh i nGaeltacht na nDéise chuige sin. Déanfar poiblíocht ar na meáin shóisialta agus i scoileanna Dhún Garbhán agus scoileanna Ghaeltacht na nDéise leis.

Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT an bunachar seo a chur le chéile agus a choimeád suas chun dáta. Déanfaidh sé/sí teagmháil leis na daoine ar an liosta dhá uair sa bhliain le cinntiú an bhfuil na daoine seo fós ar fáil agus sásta páirt a ghlacadh sa scéim.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Ag deireadh gach bliain déanfaidh an OPT teagmháil leis na tuismitheoirí/ caomhnóirí ar bhain úsáid as an scéim seo agus lorgófar aiseolas uathu.

Beart 25	**Deiseanna líonraithe éagsúla trí Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais a chur ar fáil do dhéagóirí agus do pháistí bunscoile**
Réimsí an Bhirt	C, D, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an Bhirt	Deiseanna a chruthú don aos óg a bheith ag líonrú lena chéile agus Gaeilge á labhairt acu
Eolas Breise	Reáchtálfar ceardlanna agus imeachtaí éagsúla i nGaeilge dírithe ar dhéagóirí agus ar pháistí bunscoile, ag teacht leis na moltaí a tháinig chun cinn ón bpróiseas taighde maidir leis an saghas ceardlainne/ ócáide is mó a bheadh suim ag daoine ann Cruthófar deiseanna shóisialta rialta do dhéagóirí chun teacht le chéile trí Ghaeilge. Cruthófar spás só do dhéagóirí chun teacht le chéile trí Ghaeilge leis an aidhm go gcruthófar spás só buan dóibh agus an Lár-Ionad Gaeilge forbartha (Beart 12) Déanfaidh an OPT teagmháil le Ógras, Cumann na bhFiann agus gníomhaithe óige áitiúla i dtreo óg-chlub trí Ghaeilge do pháistí bunscoile a bhunú (Bliain 3)
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Cumann na bhFiann, Ógras, Glór na nGael, óige an cheantair, scoileanna Dhún Garbhán agus Ghaeltacht na nDéise, *Dungarvan Youth Centre, Youthreach,* Ógras, *No Name Club,* Féile Péacóg

Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€52,800
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€6,000: €250 d'ócáid uair sa mhí (x2, leibhéal na bunscoile + déagóirí) €2,800: Éascaitheoirí/cíos Iomlán: €8,800
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Rannpháirtíocht a chinntiú ó dhaoine óga an cheantair agus iad a spreagadh chun a bheith páirteach go rialta
Sárú na nDúshlán	Reáchtálfar seisiún eolais i scoileanna an bhaile le linn Bliain 2 chun eolas a scaipeadh faoi na hócáidí míosúla seo. Cuirfear dhá cheardlann phíolóta ar bun ar dtús (ceann amháin dírithe ar aos na bunscoile agus ceann eile do dhéagóirí) agus lorgófar aiseolas ó na rannpháirtithe.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar dhul chun cinn an bhirt seo sna tuairiscí míosúla agus roinnfear an t-eolas ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le sonrú trí rannpháirtíocht leanúnach ar na hócáidí agus beidh tionchar ag an mbeart seo ar bhearta eile an Phlean

Beart 26	**Líonra na nÓg**
Réimsí an Bhirt	C, D, J, K
Critéir Phleanála Teanga	10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Guth lárnach a thabhairt do dhaoine óga sa phróiseas pleanála teanga
Eolas Breise	Bunófar Líonra na nÓg, coiste de dhaoine óga ag leibhéal bunscoile agus meánscoile a thabharfaidh comhairle don

	Choiste Pleanála Teanga maidir leis na rudaí go mba chóir a eagrú chun labhairt níos leithne na Gaeilge a spreagadh ina measc. Déanfar leathnú agus breis forbartha ar Fhochoiste Óige Dhún Garbhán le Gaeilge chun guth larnach a thabhairt do dhaoine óga sa phróiseas seo. Earcófar daoine óga le páirt a ghlacadh sa Líonra seo i mBliain 1. Tabharfar maoiniú agus tacaíocht do bhaill an Líonra chun a gcuid imeachtaí féin a reáchtáil agus a chur ar siúl trí huaire sa bhliain (uair amháin sa téarma) chun labhairt na Gaeilge i measc dhaoine óga a spreagadh lasmuigh den chóras oideachais.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, bunscoileanna agus meánscoileanna an cheantair, óige an bhaile, Cumann na bhFiann
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€10,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,500
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine óga a earcú chun páirt a ghlacadh sa Líonra agus iad a choimeád rannpháirteach le linn shaolré an Phlean
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht sna scoileanna, i gcumainn óige agus ar na meáin shóisialta chun daoine óga a mhealladh chun an Líonra. Cuirfear cruinnithe an Líonra in oiriúint don aoisghrúpa tríd iad a dhéanamh spraíúil agus taitneamhach.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar dhul chun cinn an bhirt seo sna tuairiscí míosúla agus pléifear é seo ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga.

	Coimeádfar súil ar líon na mball agus déanfar earcaíocht mar is cuí le linn thréimhse fheidmithe an Phlean
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas agus moltaí ó bhaill Líonra na nÓg ag deireadh gach bliain don Phlean. Beidh éifeacht an bhirt seo le feiscint i gcur i bhfeidhm bhearta eile an Phlean.

Beart 27	**Scoláireachtaí Choláiste na Rinne**
Réimsí an Bhirt	C, D
Critéir Phleanála Teanga	2, 10, 11, 12
Aidhm an Bhirt	Dhá scoláireacht a chur ar fáil gach bliain do dhaoine óga an bhaile do chúrsa samhraidh i gColáiste na Rinne
Eolas Breise	Reáchtálfar comórtas gach bliain agus beidh dhá scoláireacht le buachaint chun go mbeidh beirt ábalta freastail ar chúrsa samhraidh i gColáiste na Rinne gan costas. Cuirfear comórtas ar siúl gach bliain bunaithe ar théamaí éagsúla agus beidh bealaí éagsúla le cur isteach air (trí fhíseáin, píosa a scríobh, srl) chun deis cothrom a thabhairt d'óige an bhaile cur isteach ar na scoláireachtaí. Bronnfar na scoláireachtaí ar bheirt éagsúla gach bliain, sin 14 duine óga thar an tréimhse 7 mbliana. Beidh an comórtas oscailte d'éinne a bhfuil cónaí orthu i limistéar an BSG. Roghnóidh an OPT beirt in aghaidh na bliana agus bronnfar scoláireacht orthu chun freastail ar chúrsa samhraidh
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Coláiste na Rinne, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, scoileanna an cheantair, óige an cheantair
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7

Costas Measta Iomlán	€16,100
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,300
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine a mhealladh chun cur isteach ar an gcomórtas
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht fhorleathan ar an gcomórtas sna meáin shóisialta agus sna scoileanna go háirithe
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Tuairiscí míosúla an OPT- le plé ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga uair sa ráithe
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	D'fhéadfadh go gcruthódh an beart seo deiseanna do dhaoine páirt a ghlacadh i gcúrsa samhraidh sa Ghaeltacht nach mbeadh d'acmhainn acu é seo a dhéanamh gan scoláireacht

Beart 28	**Seirbhís aistriúcháin saor in aisce**
Réimsí an Bhirt	E, K
Critéir Phleanála Teanga	11, 12, 13, 14, 15
Aidhm an Bhirt	Seirbhís aistriúcháin ar ard-chaighdeán a chur ar fáil do lucht Gnó an bhaile
Eolas Breise	Moladh go láidir san fhaisnéis a bailíodh sa chéim taighde gur chóir seirbhís aistriúcháin a chur ar fáil do ghnólachtaí an bhaile chun cabhrú leo comharthaíocht agus ábhar clóite i nGaeilge a chruthú agus a sholáthar. Srian is ea é seo ar fheiceálacht na Gaeilge sa bhaile. Luadh easpa fheiceálacht na Gaeilge go minic sa taighde agus bealach ab ea é seo chun cur leis an nGaeilge i dtírdhreach teangeolaíoch an bhaile.

Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Gnólachtaí an bhaile, An Cumann Tráchtála, Foras na Gaeilge, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€7,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,000
Foinsí Maoinithe	- RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga - Foras na Gaeilge - Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Dúshláin	Gnólachtaí a spreagadh d'úsáid na seirbhíse
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht ar an tseirbhís ar shuíomh gréasáin an Phlean Teanga agus sna meáin áitiúla. Déanfaidh an OPT teagmháil leis an gCumann Tráchtála len iad a chur ar an eolas faoin seirbhís. Beidh cruinneas Gaeilge ar na comharthaí seo riachtanach. Mar sin, déanfaidh an OPT athbhreithniú ar chomharthaí Gaeilge sa bhaile cheana féin agus tabharfar comhairle do ghnólachtaí má aithnítear aon mhíchruinnis.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfar taifead ar úsáid na seirbhíse seo i dtuairiscí míosúla an OPT
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh tionchar an bhirt seo le sonrú i méadú na comharthaíochta agus na Gaeilge scríofa timpeall an bhaile i saolré an Phlean.

Beart 29	**Ranganna Gaeilge dírithe ar an lucht Gnó**
Réimsí an Bhirt	E, K

Critéir Phleanála Teanga	11, 12, 13, 14, 15
Aidhm an Bhirt	Lucht gnó an bhaile a chumasú agus a spreagadh chun cur leis an méid Gaeilge a labhraítear leis an bpobal sna gnólachtaí
Eolas Breise	Cuirfear ranganna Gaeilge ar siúl do lucht gnó an bhaile go sonrach, rud ina léiríodh spéis mhór sa taighde. Díreofar ar labhairt neamhfhoirmiúil na Gaeilge sna ranganna seo agus ar stór focail a fhorbairt. Moladh sa taighde go mba chóir do na ranganna seo a bheith saor in aisce/ ar chostas íseal.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, An Cumann Tráchtála, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, gnólachtaí an bhaile, Coláiste na Rinne
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€4,200
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€360: Táille múinteora €240: Ábhar clóite Iomlán: €600
Foinsí Maoinithe	- RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga - Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
Dúshláin	Daoine a mhealladh chun freastail ar na ranganna seo. Múinteoirí cáilithe a fháil.
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht go forleathan agus rachaidh an OPT i dteagmháil leis an gCumann Tráchtála chun eolas a roinnt faoi na ranganna seo. Rachfar i gcomhairle leis an mBord Oideachais agus Oiliúna. Cruthófar bunachar do mhúinteoirí áitiúla agus cothófar teagmháil leo le linn thréimhse an Phlean. Déanfar fógraíocht trí mheán na scoileanna, Fóram na Múinteoirí Gaeilge (beart 34), agus tríd na meáin shóisialta agus áitiúla chun léirithe

	suime a bhailiú. Beidh ar an mbunachar seo cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT taifead ar líon na ndaoine a bhfreastlóidh ar na ranganna seo go míosúil
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas ag deireadh gach bliain

Beart 30	**Ceardlanna a reáchtáil don lucht Gnó maidir leis na bealaí gur féidir leo cur le húsáid na Gaeilge ina gcuid oibre**
Réimsí an Bhirt	E, K
Critéir Phleanála Teanga	11, 12, 13, 14, 15
Aidhm an Bhirt	Lucht Gnó an bhaile a chumasú agus a spreagadh chun labhairt na Gaeilge a normalú i ngnólachtaí an bhaile
Eolas Breise	Reachtálfar ceardlanna do lucht gnó an bhaile ina bpléifear na buntáistí a bhaineann le húsáid na Gaeilge ina gcuid gnólachtaí. Tabharfar comhairle sna ceardlanna seo maidir leis na bealaí éagsúla gur féidir cur le húsáid na Gaeilge sna gnólachtaí. Leagfar béim ar thairiscint ghníomhach a dhéanamh, cur chuige atá ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta sa phleanáil teanga mar shampla, beannachtaí trí Ghaeilge, daoine a chur ar an eolas gur féidir leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sa ghnólacht.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, gnólachtaí an bhaile, An Cumann Tráchtála, Foras na Gaeilge
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7

Costas Measta Iomlán	€4,320
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€400: Cíos €320: Éascaitheoirí, ábhar clóite Iomlán: €720
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh sna seisiúin seo
Sárú na nDúshlán	Teagmháil éifeachtach a chothú idir an OPT agus an Lucht Gnó agus tábhacht chomhoibriú na ngnólachtaí i rath an Phlean Teanga a chur in iúl ón tús
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfar taifead ar rannpháirtíocht sna ceardlanna seo agus pléifear é seo sna cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le sonrú i méadú úsáid na Gaeilge i ngnólachtaí an bhaile thar shaolré an Phlean

Beart 31	**Gradaim Ghnó na Gaeilge a athbhunú**
Réimsí an Bhirt	E, K
Critéir Phleanála Teanga	11, 13, 14, 15
Aidhm an Bhirt	Aitheantas a thabhairt do dhea-iarrachtaí i measc gnólachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn agus méadú úsáid na Gaeilge a spreagadh i ngnólachtaí an bhaile
Eolas Breise	Déanfar Gradam Gnó na nDéise a athbhunú d'fhonn aitheantas a thabhairt do na gnólachtaí a dhéanann an iarracht is mó an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcuid oibre. Úsaidfear an trí chatagóir gníomhaíochtaí agus na spriocanna atá leagtha síos sa scéim 'Gradaim- Gnó na hÉireann' (Glór na nGael) sa phróiseas measúnaithe do ghradaim.

	Bronnfar duais(/eanna) in aghaidh na bliana chuige sin agus cuirfear na buaiteoirí ar aghaidh chun aitheantas a fháil faoin scéim thuasluaite. Beidh an OPT i mbun an chomórtais a fhorbairt thar shaolré an Phlean agus d'fhéadfaí catagóirí éagsúla a chur san áireamh, mar shampla 'seirbhís trí Ghaeilge', 'fógraíocht trí Ghaeilge' 'úsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta'
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, gnólachtaí an bhaile, An Cumann Tráchtála, Foras na Gaeilge, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€21,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€3,000
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Gnólachtaí a spreagadh chun cur isteach ar an gcomórtas
Sárú na nDúshlán	Bheifí ag súil go gcabhróidh bearta eile an Phlean seo i dtaobh chúrsaí gnó le suim úinéirí ghnólachtaí an bhaile a spreagadh chun a bheith rannpháirteach sa chomórtas seo. Déanfar poiblíocht don chomórtas agus duais an chomórtais go forleathan
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Déanfaidh an OPT taifead ar líon na ngnólachtaí a chuireann isteach ar an gcomórtas in aghaidh na bliana agus pléifear é seo leis an gCoiste Pleanála Teanga ag cruinnithe
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Iarrfar aiseolas ó na gnólachtaí gach bliain

Beart 32	**Lárnacht na Gaeilge a neartú i bhFéilte an Bhaile**

Réimsí an Bhirt	E, J, K
Critéir Phleanála Teanga	9, 11
Aidhm an Bhirt	Úsáid na Gaeilge i bhFéilte an bhaile a mhéadú
Eolas Breise	Déanfar comhoibriú leis an gCumann Tráchtála chun na féidearthachtaí a bhaineann le leathnú úsáid na Gaeilge i bhFéilte an bhaile a chinntiú. Tabharfar tacaíocht d'fhéilte an bhaile chun a chinntiú go mbeidh áit lárnach ag an nGaeilge sna féilte sin idir comharthaíocht, imeachtaí, srl.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, An Cumann Tráchtála, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, gnólachtaí an bhaile, coistí na bhféilte sa bhaile (m.sh. Féile Bia Iarthar Phort Láirge srl.)
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€3,500
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€500
Foinsí Maoinithe	-RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga -An Cumann Tráchtála
Dúshláin	Beidh toilteanas bhaill an Chumainn Tráchtála de dhíth chun comhoibriú leis an OPT agus leis an gCoiste Pleanála Teanga chun an beart seo a chur i bhfeidhm
Sárú na nDúshlán	Déanfar teagmháil leis an gCumann Tráchtála chun na féidearthachtaí a phlé agus déanfar comhoibriú leo agus féilte á n-eagrú sa bhaile d'fhonn aidhm an bhirt a bhaint amach.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le sonrú i méadú úsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht agus in imeachtaí a eagrófar mar chuid d'fhéilte an bhaile. Coimeádfaidh an OPT taifead ar chomhfhreagras leis an gCumann Tráchtála sna tuairiscí míosúla.

Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt le sonrú i normalú lárnacht na Gaeilge sna féilte an bhaile de réir is a théann tréimhse an Phlean ar aghaidh

Beart 33	**Ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla a chur ar fáil don phobal**
Réimsí an Bhirt	B, D, E, F, K
Critéir Phleanála Teanga	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm an Bhirt	Níos mó deiseanna foghlama Gaeilge a chur ar fáil don phobal
Eolas Breise	Cuirfear ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla agus de shaghsanna éagsúla ar siúl sa bhaile. Léiríodh spéis sa taighde i saghsanna ranganna éagsúla, mar shampla ranganna a dhíreodh ar labhairt na Gaeilge, ar ghramadach na Gaeilge, ranganna breise Gaeilge do dhéagóirí, ranganna do dhaoine fásta agus ranganna do dhaoine nach raibh deis acu riamh an Ghaeilge a fhoghlaim. Déanfaidh an OPT teagmháil le Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge & Loch Garman chun tacaíocht agus maoiniú a lorg i dtreo ranganna Gaeilge éagsúla do dhaoine fásta a chur ar siúl. Rachaidh an OPT i dteagmháil le Coláiste na Rinne chomh maith chun deiseanna comhoibrithe a phlé.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge & Loch Garman, Leabharlann Dhún Gharbhán, Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Coláiste na Rinne
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€14,000

Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,400 (Bliain 1-4) €2,800 (Bliain 5-7)
Foinsí Maoinithe	- RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga - Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge & Loch Garman
Dúshláin	Daoine a mhealladh le páirt a ghlacadh sna ranganna seo. Múinteoirí cáilithe a fháil.
Sárú na nDúshlán	Déanfar poiblíocht fhorleathan ar na ranganna seo tríd na meáin thraidisiúnta agus shóisialta. Úsáidfear an bunachar de mhúinteoirí le Gaeilge (féach Beart 28) chun múinteoirí cáilithe a lorg do na ranganna seo.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar líon na rannpháirtithe sna ranganna seo agus ar an aiseolas a gheofar ó na rannpháirtithe tar éis gach sraith ranganna. Tabharfar aiseolas faoi seo ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas rialta ó na daoine a bhfreastalaíonn ar na ranganna agus úsáidfear an t-aiseolas chun ranganna nua a chur ar fáil fad is a leanann tréimhse fheidhmithe an Phlean ar aghaidh. Déanfar gach iarracht ranganna a chur ar fáil a thabharfaidh deis do dhaoine feabhas leanúnach a chur ar a gcumas teanga agus déanfar éifeacht na haidhme seo a mheas go leanúnach.

Beart 34	**Scéim mhalartaithe idir scoileanna i nDún Garbhán agus scoileanna i nGaeltacht na Déise**
Réimsí an Bhirt	C, D, H, J, K
Critéir Phleanála Teanga	3, 7, 11, 12, 13, 15
Aidhm an Bhirt	Naisc a láidriú idir scoileanna Dhún Garbhán agus scoileanna Ghaeltacht na nDéise.
Eolas Breise	Bunófar scéim mhalartaithe idir scoileanna Dhún Garbhán agus scoileanna Ghaeltacht na nDéise. Léiríodh an-spéis ina leithéid de scéim san obair pháirce.

	Déanfaidh an OPT teagmháil le príomhoidí na scoileanna le linn Bliain 1 d'fheidhmiú an Phlean chun suim sa scéim a mheas, chun moltaí agus smaointe a bhailiú agus chun sceideal a chur le chéile dá réir.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, scoileanna Dhún Garbhán, scoileanna Ghaeltacht na nDéise, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, Coláiste na Rinne
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€18,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€2,400: Taisteal (6 bhus @ €400) gach bus agus soláistí a chur €600: Soláistí Iomlán: €3,000
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Beidh comhoibriú ag teastáil idir príomhoidí agus múinteoirí na scoileanna agus an OPT chun an scéim seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, maraon le toil agus tacaíocht na ndaltaí scoile féin.
Sárú na nDúshlán	Labhróidh an OPT leis na príomhoidí éagsúla agus reáchtálfar cruinnithe eatarthu chun teacht ar sceideal oiriúnach dóibh ar fad. Eagrófar clár imeachtaí/ gníomhaíochtaí atá tarraingteach agus mealltach
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Beidh feidhmiú an bhirt seo le meas tríd an scéim a chur i bhfeidhm i mBliain 2 d'fheidhmiú an Phlean agus é a choimeád ar siúl don chuid eile de thréimhse a feidhmithe
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas gach bliain óna príomhoidí agus ó na scoláirí féin a ghlacann páirt sa scéim agus déanfaidh an OPT éifeacht na scéime a mheas ag deireadh gach scoilbhliain, i gcomhar leis na scoileanna féin agus leis an gCoiste Pleanála Teanga.

Beart 35	**Fóram na Múinteoirí Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 10
Aidhm an Bhirt	Fóram a bhunú do mhúinteoirí Gaeilge ó gach scoil sa bhaile, le tacaíocht a chur ar fáil dá chéile agus le hacmhainní a roinnt.
Eolas Breise	Bunófar Fóram na Múinteoirí Gaeilge chun deis a thabhairt do mhúinteoirí teacht le chéile agus smaointí a roinnt i dtaca le hacmhainní teagaisc sa Ghaeilge, cúrsaí modheolaíochta agus comhairle a thabhairt dá chéile. Beidh an Fóram oscailte do mhúinteoirí Gaeilge agus aon mhúinteoir a bhfuil Gaeilge ar an gcuraclam acu. Déanfar comhoibriú le Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, múinteoirí agus príomhoidí an bhaile, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Meitheal Oideachais Ghaeltacht na nDéise
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Tacaíocht na múinteoirí a chinntiú agus am oiriúnach a réiteach do chruinnithe an Fhóraim chun freastal ar mhúinteoirí

Sárú na nDúshlán	Léirithe suime ó mhúinteoirí ar mhaith leo a bheith páirteach san Fhóram a lorg agus *Doodle Poll* a chur chuig gach duine ar an liosta leis an am a oireann is fearr dóibh a roghnú. Tabharfar rogha d'amanna a bheidh go luath i ndiaidh am scoile agus déanfar cruinnithe an Fhóraim a reáchtáil sna scoileanna féin nuair is féidir.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar ghníomhaíochtaí an Fhóraim agus déanfaidh sé/sí plé air seo ag cruinnithe leis an gCoiste Pleanála Teanga uair sa ráithe.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas ón bhFóram ag deireadh gach scoilbhliain agus déanfar athbhreithniú ar an mbeart de réir mar is gá

Beart 36	**Bunachar aoichainteoirí le Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	A, C, J, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 6, 8, 10
Aidhm an Bhirt	Go mbeidh liosta ar fáil go réidh do scoileanna agus iad ag iarraidh cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí le Gaeilge cainteanna a thabhairt nó imeachtaí a reáchtáil sna scoileanna
Eolas Breise	Rachaidh an OPT i mbun taighde agus déanfar teagmháil le daoine a bhíonn ag plé le réimse leathan ábhair a bhfuil Gaeilge acu agus a bheadh sásta teacht chuig scoileanna an cheantair chun caint nó chun imeachtaí a reáchtáil. Luadh easpa a leithéid d'eolas mar shrian in agallaimh a deineadh sa chéim taighde don Phlean. Beidh ar an mbunachar seo cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT

Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, múinteoirí agus príomhoidí an bhaile, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, Leabharlann Dhún Garbhán, Glór na nGael, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh
Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Daoine cuí a aimsiú agus an liosta a choimeád suas chun dáta
Sárú na nDúshlán	Labhróidh an OPT le baill den Choiste Pleanála Teanga, le OPT Ghaeltacht na nDéise, le Leabharlann Dhún Garbhán agus le daoine eile chun moltaí a fháil agus chun tús a chur leis an liosta. Déanfaidh an OPT teagmháil le príomhoidí na ngaelscoileanna i nDún Garbhán agus sna Déise go sonrach chun aon aoíchainteoirí a mholann siad don bhunachar a chur san áireamh. Rachaidh an OPT i dteagmháil leis na daoine ón liosta agus iarrfar orthu an mbeadh fonn orthu a bheith curtha san áireamh sa bhunachar. Le cinntiú go gcoimeádfar an bunachar sonraí suas chun dáta, rachaidh an OPT i dteagmháil le daoine ar an liosta ag tús gach bliana le cinntiú go bhfuil siad fós sásta a bheith san áireamh
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead sna tuairiscí míosúla agus pléifear é seo ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Teagmháil a dhéanamh le príomhoidí scoileanna gach bliain chun aiseolas a fháil agus chun aon mholtaí sa bhreis a fháil

Beart 37	**Tacaíocht a thabhairt i dtreo an nasc idir Scoil Gharbháin agus Meánscoil San Nioclás, An Rinn a láidriú**

Réimsí an Bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 10
Aidhm an Bhirt	Nasc níos láidre a chruthú idir Scoil Gharbháin agus Meánscoil San Nioclás chun níos mó paistí a mhealladh chun tabhairt faoi oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge
Eolas Breise	Rud a tháinig suas le linn na céime taighde ná an líon íseal scoláirí a fhreastlaíonn ar Ghaelscoil Gharbháin a théann ar aghaidh chuig Meánscoil San Nioclás, an gaelcholáiste is congaraí do Dhún Garbhán. Déanfar iarracht dul i ngleic leis seo thar shaolré an Phlean trí chumarsáid idir an OPT agus príomhoide Scoil Gharbháin agus trí sheisiúin eolais a eagrú le tuismitheoirí dhaltaí Scoil Garbháin chun a gcuid tuairimí a chlos agus na buntáistí a bhaineann le gaeloideachas ag leibhéal na meánscoile a phlé leo. Pléifear na féidearthachtaí atá ann chun na constaicí atá ann faoi láthair a shárú (m.sh. d'fhéadfaí smaoineamh ar mhodhanna taistil oiriúnacha a chomhordú idir Dún Garbhán agus Meánscoil San Nioclás agus laethanta oscailte speisialta sa Mheánscoil a eagrú do dhaltaí Scoil Gharbháin).
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, Scoil Gharbháin, Meánscoil San Nioclás
Saolré an Bhirt	Bliain 1-7
Costas Measta Iomlán	€5,600
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€800: Taisteal chuig laethanta oscailte
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Beidh caidreamh agus plé le cothú idir an OPT agus tuismitheoirí Scoil Gharbháin chun a gcuid tuairimí a bhailiú go dtí go ndéanfar socruithe dá réir.

Sárú na nDúshlán	Sárófar an dúshlán seo trí sheisiúin eolais agus grúpaí fócais a eagrú.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar fheidhmiú an bhirt seo sna tuairiscí míosúla a réiteoidh sé/sí agus pléifear an t-ábhar ag na cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le meas trí athbhreithniú a dhéanamh ar líon na ndaltaí scoile ó Dhún Garbhán a leanfaidh ar aghaidh chuig Meánscoil San Nioclás gach bliain. Déanfar teagmháil le príomhoide Mheánscoil San Nioclás gach bliain chun teacht ar na figiúirí cruinne.

Beart 38	**Cur chun cinn deiseanna foghlama Gaeilge**
Réimsí an Bhirt	D, E, F, K
Critéir Phleanála Teanga	9, 10, 11
Aidhm an Bhirt	Eolas a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir le deiseanna foghlama Gaeilge ar-líne, sa Ghaeltacht agus in aon áit eile
Eolas Breise	Cruthófar leathanach ar an suíomh gréasáin (Beart 8) chun eolas suas chun dáta a sholáthar maidir le deiseanna foghlama Gaeilge. Cuirfear naisc chuig acmhainní arlíne san áireamh, eolas faoi chúrsaí Gaeltachta, srl.
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Comhlucht Forbartha na nDéise, OPT na nDéise, TEG, Gaelchultúr, Glór na nGael, Foras na Gaeilge, An Cumann Tráchtála
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	N/Bh

Costas Measta in aghaidh na Bliana	N/Bh
Foinsí Maoinithe	N/Bh
Dúshláin	Daoine a chur i dtreo an tsuímh chun teacht ar an eolas agus feasacht a ardú maidir leis na hacmhainní atá ar fáil
Sárú na nDúshlán	Sárófar an dúshlán seo tríd an bhfeachtas feasachta (Beart 10) a chur ar siúl agus trí fhógraíocht a dhéanamh tríd na meáin éagsúla chun cur ar shúile mhuintir na háite go bhfuil na hacmhainní seo ar fáil
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Eolas le cur san áireamh i dtuairiscí míosúla an OPT
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Cuairteanna chuig an suíomh gréasáin a chomhaireamh agus aiseolas a bhailiú

Beart 39	**Clár Gaeilge don idirbhliain**
Réimsí an Bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 10
Aidhm an Bhirt	Clár a fhorbairt trí chomhoibriú le hiarbhunscoileanna an cheantair chun deiseanna foghlama agus úsáide na Gaeilge a chothú trí churaclam na hidirbhliana.
Eolas Breise	Oibreoidh an OPT i gcomhar le Fóram na Múinteoirí Gaeilge (Beart 34) agus le príomhoidí na n-iarbhunscoileanna sa cheantar chun clár foghlama agus úsáid na Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt. Cuirfear tús leis an gclár seo i mBliain 2- tar éis don bhFóram a bhunú i mBliain 1 agus teagmháil a bheith déanta ag an OPT le príomhoidí, comhordaitheoirí idirbhliana agus múinteoirí Gaeilge na n-iarbhunscoileanna le linn Bliain 1. Cuirfear dhá imeacht ar siúl le linn na scoilbhliana (ceann amháin acu roimh Nollaig agus ceann amháin idir Eanáir-Meitheamh) ina measfar daltaí idirbhliana na n-

	iarbhunscoileanna ar fad ag ócáid a reáchtálfar trí Ghaeilge (m.sh. tráth na gceist, comórtas spóirt, ceardlann drámaíochta, srl.)
Príomhúinéir an Bhirt	An OPT
Páirtithe Leasmhara	An Coiste Pleanála Teanga, Fóram na Múinteoirí Gaeilge, iarbhunscoileanna an cheantair, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
Saolré an Bhirt	Bliain 2-7
Costas Measta Iomlán	€6,000
Costas Measta in aghaidh na Bliana	€1,000
Foinsí Maoinithe	RTCEGSM: An buiséad pleanála teanga
Dúshláin	Dátaí oiriúnacha a aimsiú do na scoileanna ar fad. Rannpháirtíocht na múinteoirí, na ndaltaí agus na gcomhordaitheoirí idirbhliana a spreagadh.
Sárú na nDúshlán	Sárófar na dushláin seo trí theagmháil idir an OPT, Fóram na Múinteoirí Gaeilge agus na scoileanna féin. Gheofar comhairle maidir leis na tréimhse bliana ab oiriúnaí chun imeachtaí an Chláir a reáchtáil.
Monatóireacht ar Fheidhmiú an Bhirt	Coimeádfaidh an OPT taifead ar dhul chun cinn an bhirt seo tríd an gclár a phlé le Fóram na Múinteoirí Gaeilge le linn na chéad bhliana d'fheidhmiú an Phlean. Pléifear aon chonstaicí ag cruinnithe idir an OPT agus an Coiste Pleanála Teanga uair sa ráithe.
Monatóireacht ar Éifeacht an Bhirt	Lorgófar aiseolas ó na daltaí idirbhliana tar éis na n-ócáidí agus úsáidfear an t-aiseolas seo chun an clár a fheabhsú ó bhliain go bliain.